2. An ceart teagasc a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte, le dea-dhisciplín, slán, saor ó chur isteach, agus go gcaithfí leo leis an ómós atá ag dul dóibh.
3. An ceart chun timpeallacht oibre cheart, chun scoileanna ina bhfuil fearais mhaithe agus dóthain acmhainní.
4. An ceart chun coinníollacha seirbhíse cearta, lena n-áirítear íocaíocht chothrom, clúdach ionadaíoch d'asláithreachais cheadaithe, sosanna lóin gan dualgais fheitheoireachta agus rochtain ar sheirbhísí leasa.
5. An ceart chun seirbhísí tacaíochta cuí chun freastal ar riachtanais intinne, fhisiciúla agus mhothúchán daltaí.
6. An ceart chun struchtúir ghairme le deiseanna comhionanna agus cothroma do dhul chun cinn, d'éagsúlú, do phost-roinnt, do shosanna gairme agus do scor ag aois réasúnach.
7. An ceart chun oideachais inseirbhíse dhea-struchtúrtha leanúnach, agus forbairt ghairmiúil faoi stiúir Chomhairle Múinteoirí.
8. An ceart chun tacaíocht ghairmiúil agus chomhairle ón gcigireacht sa Roinn Oideachais.
9. An ceart a bheith ina gcomhalta de Cheardchumann agus a bheith rannpháirteach agus ionadaíocht a bheith acu in idirbheartaíocht ar cheisteanna a dhéanann difear d'oideachas agus do choinníollacha oibre.
10. An ceart chun saol príobháideach agus chun a gcuid creidiúint reiligiúin, mhorálta agus eiticiúil dá gcuid féin a bheith acu.

## DISCIPLÍN

Bíonn ról bunúsach ag an timpeallacht teaghlaigh agus bhaile i bhforbairt mhorálta, iompair agus shóisialta leanaí. Ní bhíonn bunú dea-dhisciplín ar scoil éifeachtach d'uireasa chomhoibriú tuismitheoirí.

Ba cheart go dtiocfadh polasáí disciplín in aon scoil ón gcód disciplín a cheadaíonn an Bord Bainistíochta i ndiaidh dul i gcomhairle le tuismitheoirí. Faoi théarmaí Chiorclán 20/90 iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta agus ar Phríomhoidí Cód Iompair agus Disciplín do



scoileanna a tharraingt aníos de réir na dtreoirlínte a bhí istigh leis an gCiorclán. Tá treoirlínte Chumann Múinteoirí Éireann faoi dhréachtadh chód disciplín ar fáil sa cháipéis "Disciplín sa Bhunscoil" ó Chumann Múinteoirí Éireann.

Agus leanaí sa bhaile agus ar scoil ag foghlaim iompair atá oiriúnach go sóisialta ó thaobh cad atá ceart agus cad atá mícheart, cad atá oiriúnach agus cad atá mí-oiriúnach ba cheart go dtarlódh an próiseas sóisealaithe sin, má tá sé le bheith lánéifeachtach, in atmaisféar a chuireann chun cinn féinmhuinín, féin-mheas agus neamhspleáchas.

## **RIAIL 130**

Rialaíonn Riail 130 de *Rialacha do Scoileanna Náisiúnta* mar atá siad i gCiorclán 20/90 iompar múinteoirí i scoileanna náisiúnta. Deir an Riail: "**Ba chóir go gcuirfeadh múinteoirí beoshuim i bhfeabhsú agus i leas ginearálta a gcuid daltaí, caitheamh leo go cineálta ach go daingean, agus ba chóir a bheith mar aidhm acu iad a rialú trína mothú ceana agus a réasún in ionad trí chruas agus déine**".

Labhraíonn an Riail ansin ar dhá thoirmeasc:-

Riail 130(2): "**Níor chóir i gcúinsí ar bith an fhonóid, an searbhas nó caint ar dócha di bonn a bhaint d'fhéinmhuinín an dalta a chleachtadh**"

Riail 130(3): "**Tá úsáid an fhionóis chorpartha toirmisce**".

Riail 130(4) : "**Múinteoir ar bith a sháraíonn Ranna (2) nó (3) den riail seo glacfar leis go bhfuil sé/sí ciontach in iompar nach cuí do mhúinteoir agus beidh gníomh diansmachta i ndlite dó/dí**".

Is cuid de chonradh gach múinteora é Riail 130.

## **GEARÁIN/LÍOMHAINTÍ IN AGHAIDH MÚINTEOIRÍ**

Tá meicníochtaí éagsúla faoi láthair ann trínar féidir gearáin/liomhaintí in aghaidh múinteoirí a phróiseáil. I gcúinsí áirithe, ag brath ar mhionsonraí an cháis, d'fhéadfaidís sin forlú ar a chéile. Tá feidhmiú na nósanna imeachta sin faoi shíor-athbhreithniú ag oifigigh an CEC agus oifigigh Chumann Múinteoirí Éireann in éineacht lenár n-éileamh ar ár gcomhairle múinteoireachta.

1. Nós Imeachta Chumann Múinteoirí Éireann/CPSMA chun déileáil le gearáin ó thuismitheoirí in aghaidh múinteoirí a aontaíodh i 1993 agus atá leagtha amach ar leathanaigh 143/144 de Lámhleabhar Comhaltai Chumann Múinteoirí Éireann. Is é an aidhm atá leis an nós imeachta

aontaithe seo ná réiteach deacrachtaí a thiocfaidh chun cinn a éascú ar bhealach cothrom agus aontaithe. Leagann an comhaontú amach an próiseas atá le leanacht i 5 chéim.

2. Má/nuair a chuirtear mí-úsáid fhisiciúil - ionsaí ar leanaí/tuismitheoirí/leanaí eile - i leith múinteoirí is féidir leis na Gardaí iad a fhiosrú, leis an Ionchúisitheoir Poiblí iad a chúisiú agus leis na Cúirteanna breith a thabhairt orthu fearacht gach saoránaigh eile.
3. I gcás gearáin a bheith á dhéanamh faoi mhúinteoirí maidir lena n-inniúlacht ghairmiúil, is féidir na gearáin a chur chuig an Roinn Oideachais, áit a ndéantar iad a phróiseáil faoin Rial 161 de Rialacha do Scoileanna Náisiúnta a dhéileáilann le cigireacht ar scoileanna (c/f Lámhleabhar Chumann Múinteoirí Éireann, leath. 130/235). Múinteoirí nach sroicheann a gcuid obair scoile caighdeán sásúil féadfar aitheantas a tharraingt siar uathu faoi Rial 108 de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta.
4. I gcás gearán a dhéantar in aghaidh múinteoirí maidir lena gcumas fisiciúil nó intinne chun teagasc a dhéanamh forálann Rial 93 de na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta gur féidir leis an Aire a éileamh ar mhúinteoir é/í féin a chur i láthair le haghaidh scrúdú leighis, ag dochtúir a roghnóidh an tAire, a fhéadfaidh a dhearbhu nach bhfuil an múinteoir sin cáilithe d'aitheantas níos mó mura mbeidh ar chumas an mhúinteora go fisiciúil nó ina (h)intinn leanacht lena d(h)ualgais mar mhúinteoir (c/f Lámhleabhar Comhaltáí Chumann Múinteoirí Éireann leath. 207/208)/
5. Má dhéantar/nuair a dhéantar líomhaintí maidir le mí-úsáid ghnéis leanaí in aghaidh múinteoirí, is féidir leis na Gardaí nó an Bord Sláinte (DCC/MOH) nó iad araon iad a fhiosrú. (c/f Appendix Procedures for Dealing with Allegations or Suspicions of Child Abuse, Department of Education 1991).
6. Is féidir le daoine aonair gearáin a dhéanamh go díreach leis an Roinn Oideachais. Go hiondúil cuirtear na gearáin ar aghaidh go dtí Bord Bainistíochta na scoile agus tugtar deis don mhúinteoir freagra a thabhairt ar na líomhaintí atá déanta.
7. Mar fhostóir tá an Bord Bainistíochta go ginearálta i dteideal líomhaintí /gearáin in aghaidh múinteoirí a fhiosrú agus sa deireadh thiar múinteoir a dhisciplíniú nó a chur as post. Sna toscaí sin tá ceart achomhairc ag an múinteoir faoi Reacht Mhá Nuad. Má bhíonn deacracht ag múinteoir lena B(h)ord Bainistíochta ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh láithreach le hIonadaí Ceantair Chumann Múinteoirí Éireann don limistéar nó le ceannáras Chumann Múinteoirí

Éireann.

8. Is féidir cás sibhialta a thógáil in aghaidh múinteora.

Is é polasaí Chumann Múinteoirí Éireann i gcás go ndéantar líomhaint nó cúiseamh in aghaidh aon mhúinteora go gcaithfear ceart freagartha agus ceartas aiceanta a thabhairt don mhúinteoir atá i gceist maidir le haon cheann de na nósanna imeachta atá luaite thuas.

Má dhéantar líomhaint in aghaidh múinteora tá sé tábhachtach sin a chur in iúl láithreach d'Ionadaí CEC nó don Ardoifig.

Beifear ag súil go leanfaidh comhaltaí aon chomhairle a thabharfaidh an Ardoifig. Comhaltaí a lorgóidh comhairle (ó dhaoine dlíthiúla/ó dhaoine nach daoine dlíthiúla) lasmuigh de Chumann Múinteoirí Éireann, agus a leanann í in áit chomhairle Chumann Múinteoirí Éireann beidh siad ag cur am CMÉ amú agus tá sé de chumhacht ag an CEC tarraingt siar as an gcás má tharlaíonn sé sin.

### SMACHTBHANNAÍ

Ba cheart do mhúinteoirí aon smachtbhannaí a náiríonn leanbh ceann ar aghaidh agus /nó a chuireann múinteoir i gcontúirt go dtabharfaidh tuismitheoir caingean ina aghaidh mar gheall orthu a sheachaint. Tá ceisteanna tagtha chun cinn ó ghrúpaí éagsúla nach múinteoirí faoi smachtbhannaí ar nós páiste a chur ar a g(h)lúine, é/í a chur ina s(h)easamh agus a (h)aghaidh le balla ar feadh tréimhsí fada, faoi leathanaigh a stróiceadh as cóipleabhair agus faoi chóipleabhair a chaitheamh ar ais le daltaí. Meastar go mbíonn smachtbhannaí mar sin go hiondúil mí-oiriúnach. Ní ciallmhar an ní é ar chor ar bith leanbh a chur taobh amuigh den doras gan mhaoirseacht má chuireann sé sin an leanbh i mbaol. Má bhíonn leanbh á c(h)ur go dtí an Príomhoide nó go dtí múinteoir eile ba cheart leanbh eile a chur in éineacht leis/léi. Más féidir é, ba cheart aon agallamh ar gá a bheith príobháideach faoi le leanbh a dhéanamh agus an doras oscailte nó an doras dúnta le pána gloine ann nó duine fásta eile a bheith i láthair.

Ba cheart a gcéad ainm a thabhairt ar dhaltaí nuair a labhartar leo. Ba cheart a bheith cúramach nach gcuirtear náire nó drochmheas ceann ar aghaidh ar leanbh trí chaidéis shearbhasach nó aisfhreagrach faoin bpáiste féin nó faoina m(h)uintir.

Ba cheart do mhúinteoirí a bheith discréideach nuair a bhíonn leabhair nó lónta saor in aisce á dtabhairt amach. Níor cheart go bhfiafrófaí de dhalta ar bith os comhair ranga faoin leas sóisialta a bhfuil a t(h)uismitheoirí ina theideal. Moltar do mhúinteoirí gan aon fhórsa fisiciúil ar chor ar bith a

úsáid ar leanbh ach amháin nuair is gá sin chun páistí a bhíonn ag troid a stopadh nó a scarúint óna chéile nuair a chinneann ar fhógra ó bhéal nó má dhéanann fórsa den sórt sin leanbh nó duine fásta a chosaint ó ghortú. Dhéanfaí sin freisin i gcás ina mbeadh leanbh ag déanamh ionsaí.

Mar riail ghinearálta ba cheart go seachnódh múinteoirí coinneáil siar mar phionós más múinteoir aonair a bhíonn ag déanamh maoirseachta ar leanbh aonair.

Má choinnítear leanbh rómhinic ó ábhair mar ealaín agus corpoideachas mar gheall ar mhí-iompar d'fhéadfaí féachaint air go bhfuil a cheart bunrechtúil chun oideachais iomláin á cheilt ar an leanbh.

## **SEOLADH AR AGHAIDH**

Molann Cumann Múinteoirí Éireann i gcás go dtagann líomhaint/nochtadh os comhair múinteora go bhfuil mí-úsáid á dhéanamh ar leanbh nó go mbíonn amhras ar an múinteoir féin go bhfuil mí-úsáid ag tarlú go bhfeidhmeodh múinteoirí laistigh de na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Oideachais.(Féach iarscríbhinn 1)

## **TEAGMHÁIL FHSICIÚIL LE DALTAÍ**

Is léir áfach go bhfuil níos mó agus níos mó líomhaintí mí-úsáide á ndéanamh. Mar chosaint mar sin is gá faraor cúram faoi leith a dhéanamh chun gearradh siar chomh fada agus is féidir ar na suíomhanna ina mbíonn múinteoir agus dalta le chéile astu féin agus bearta a ghlacadh chun teagmháil fhisiciúil neamhoiriúnach le daltaí a sheachaint.

Moltar do mhúinteoirí gan teagmháil fhisiciúil nach bhfuil oiriúnach a dhéanamh leis na leanaí ina rang.

Ba cheart aon teagmháil fhisiciúil a bhféadfadh leanbh, tuismitheoir nó aon duine eile a d'fheicfeadh é míbhri a bhaint as a sheachaint. D'fhéadfaí míbhri a bhaint as geáitsí neamhfhoirmiúla a dhéanfaí le deachroí, dá ndéanfaí rómhinic iad le páiste amháin.

Beidh amantaí ann a mbeidh bréagadh agus láchaíl, teagmháil fhisiciúil san áireamh, mar a dhéanfadh tuismitheoir le gean, ag teastáil ó leanbh a bheidh trína chéile. Sna cásanna sin ba cheart go mbeadh múinteoirí ar a n-aire lena chinntiú go mbeidh an méid a fheicfidh daoine eile a bheidh i láthair normálta agus nádúrtha agus nach mbíonn teagmháil nach bhfuil gá leis i gceist go háirithe le leanbh faoi leith thar thréimhse ama. Ba cheart go ndéanfadh múinteoirí iarracht neamhspléachas agus féinspléachas a chothú ina gcuid daltaí ach fós a chinntiú go mbeidh atmaisféar suaimhneach lách sa seomra ranga.

## **CRUINNITHE PRÍOBHÁIDEACHA LE DALTAÍ**

B'fhéidir go mbeadh cruinnithe príobháideacha aonair le daltaí riachtanach i gcás mí-iompar tromchúiseach ag daltaí nó má bhíonn fadhb ar leith ag leanbh. Siúd go mbeadh cásanna eisceachtúla ann go mbeadh gá le hagallaimh príobháideacha a dhéanamh le daltaí ba cheart gach cruinniú le leanaí aonair a bheith i láthair duine eile nó an doras a bheith oscailte nó le doras dúnta ina bhfuil painéal gloine. Ba cheart a insint faoin gcruinniú do chomhalta eile den fhoireann agus faoin gcúis atá leis. Ba cheart taifead a choinneáil faoi dhátaí agus amanna chruinnithe den sórt sin agus faoi ábhar an chruinnithe. Ba cheart na cúraimí céanna a dhéanamh nuair a bhíonn diancheachtanna i gceist.

## **LEANAÍ AG DUL GO DTÍ AN LEITHREAS**

Laistigh de leagan amach ranga moltar go mbeadh leanaí cinnte de phríobháideachas nuair a bhíonn siad ag dul go dtí an leithreas. Chomh fada agus is féidir agus is praiticiúil tá an fhreagracht ar an mBord Bainistíochta sin a chinntiú. Más féidir ar chor ar bith é níor cheart iachall a chur ar leanaí dul i líne agus dul chun an leithris ag tráthanna faoi leith den lá. Más féidir ba cheart deis a thabhairt do leanaí dul chun an leithris nuair a theastaíonn sin uathu. Má thugtar faoi deara go mbíonn leanbh ag dul go dtí an leithreas rómhínic ba cheart sin a chur in iúl do na tuismitheoirí le go ndéanfar an leanbh a sheiceáil ó thaobh leighis le go mbeidh fhios ag an múinteoir ar cheart teorainn a chur leis an líon uaireanta a ngabhfaidh an dalta sin amach. Is féidir cleachtais leithris a leagan amach i gcód iompair na scoile.

Ba cheart don Bhord Bainistíochta dul i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le polasaí a dhréachtadh faoi nósanna imeachta a leanfar má shalaíonn/má fhliuchann páiste é/í féin.

I suíomhanna speisialta, i.e. scoileanna speisialta, ó thaobh "The Early Start Programme" nuair a bhíonn cúnaimh leis an leithreas/ le cithfholcadh ag teastáil ó na leanaí ba cheart go mbeadh polasaí soiléir scoile i bhfeidhm a dhéanann leanaí agus daoine fásta araon a chosaint. Ba cheart go ndéanadh múinteoirí iarracht comhréiteach a fháil idir an gá atá le cúnaimh a thabhairt agus cearta an linbh chun príobháideachais agus leanacht seasta ag iarraidh cuidiú leis an leanbh neamhspleáchas a bhaint amach.

## **CLUICHÍ/CORPOIDEACHAS**

Nuair a bhíonn leanaí ag athrú le haghaidh cluichí/corpoideachais ba cheart do mhúinteoirí más féidir príobháideachas a chinntiú. Ba cheart do leanaí teacht chun na scoile in éadach oiriúnach nó ba cheart go mbeadh príobháideachas acu le hathrú, agus gan an iomarca páistí a bheith riamh le

chéile chun bulaíocht a sheachaint etc.

## **LINNTE SNÁMHA AGUS SAORÁIDÍ POIBLÍ**

Ba cheart tuiscint a bheith ag múinteoirí ar an gcontúirt bhreise a mbíonn leanaí ann in áiteanna poiblí mar linnte snámha. Moltar go mbeadh múinteoirí ag maoirseacht taobh amuigh den linn agus san áit d'athrú.

Ba cheart go mbeadh leanaí a thugtar chuig linnte snámha in ann iad féin a ghléasadh/ a gcuid éadaí a bhaint díobh, cithfholcadh a thógáil agus iad féin a thriomú. Ba cheart moladh do leanaí a theacht ag snámh ina gcuid éadaí snámha cheana féin faoina gcuid éadaí orthu. Ba cheart breathnú go maith arís féachaint ar cheart a bheith ag tabhairt leanaí nach bhfuil in ann iad féin a ghléasadh/ a gcuid éadaí a bhaint díobh agus cithfholcadh a thógáil astu féin chuig linn snámha. Is eisceacht dó sin ar ndóigh leanaí le riachtanais speisialta.

## **AG FÁGÁIL LEANAÍ SA BHAILE**

Ba cheart don Bhord Bainistíochta a chur in iúl i scríbhinn do thuismitheoirí an tábhacht atá le leanaí a bhailiú tar éis gníomhaíochtaí eischuraclaim mar nach moltar ar chor ar bith d'aon mhúinteoir an leanbh céanna a thabhairt abhaile ina (h)aonar go minic i ndiaidh gníomhaíochtaí eischuraclaim nó i gcás go mbeadh leanbh tinn ach amháin go mbíonn fíor-éigeandáil ann nó ar iarratas faoi leith ó na tuismitheoirí.

Má bhíonn gníomhaíochtaí eischuraclaim ar bun ag scoil ar nós ceolchoirmeacha/cluichí ba cheart do thuismitheoirí a chinntiú chomh fada agus is féidir go ndéanfaidh tuismitheoir nó duine a bheidh ainmnithe ag na tuismitheoirí na leanaí a bhailiú. Ba cheart go ndéarfaí le tuismitheoirí an gá atá le socruithe a dhéanamh lena chinntiú go ngabhfaidh na leanaí abhaile slán.

## **FOSTAITHE SCOILE A SCRÍNEÁIL**

Ba cheart go mbeadh fhios ag comhaltaí go bhfuil treoirínite ar an ábhar seo á réiteach d'fhostóirí faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus go mbeidh siad ar fáil do Bhoird Bhainistíochta má theastaíonn siad nuair a bheidh daoine nua á bhfostú i scoileanna.

## **GNÍOMHAÍOCHTAÍ EISCHURACLAIM**

I gcás gníomhaíochtaí taobh amuigh den scoil mar ranganna teanga, ceol, ealaíne etc, a bhíonn ar bun ar áitreabh na scoile/thart ar an scoil trí shocrú príobháideach, ba cheart don Bhord Bainistíochta a chinntiú gur daoine freagracha iad na daoine a bhíonn ag soláthar na ranganna sin.

## **TURAS SCOILE**

Leis an gcontúirt a mbíonn leanaí ann le linn imeachtaí mar thuras scoile tá sé tábhachtach go bhfoghlaimeoidís agus go nglacfaidís acu féin scileanna sábháilteachta pearsanta sula dtosaíonn siad ar na himeachtaí sin.

Tá sé tábhachtach má bhíonn daoine fásta eile ag dul seachas múinteoirí gur daoine freagracha iad a fhaigheann cuireadh ó na múinteoirí agus go dtuigeann siad agus go nglacann siad go hiomlán leis gurb é an múinteoir atá i gceannas go hiomlán.

## **ROCHTAIN TUISMITHEOIRÍ**

Má bhíonn ordú coimeádta/urchoisc i bhfeidhm moltar don Bhord Bainistíochta cóip den ordú sin a fháil. Mura mbeidh a leithéid sin d'ordú ann caithfidh rochtain chuig an leabhar a bheith ag an dá thuismitheoir is cuma cad a déarfadh an thuismitheoir eile.

Mar chuid de pholasáí scoile b'fhéidir gur mhaith le Boird Bhainistíochta a rá nach féidir leanaí ach amháin i gcásanna eisceachtúla i.e. coinne fiaclóra nach féidir a shocrú d'am eile, a thabhairt amach as rang nuair a bheidh siad tagtha chun na scoile.

## **SUÍOMHANA CÚIRTE**

Tá níos mó agus níos mó múinteoirí ag fáil barántais nó subpoena nó iarrtar orthu a theacht mar shainfhinnéithe chun fianaise a thabhairt i gcineálacha éagsúla cásanna lena n-áirítear :-

- m Cásanna Cúirte Dlí Teaghlaigh
- m Cásanna Coiméadta Linbh
- m Faillí, Árachas agus Cásanna Timpiste
- m Cásanna a bhaineann le Mí-Usáid Leanaí (féach iarscríbin do nósanna imeachta)
- m Cásanna a bhaineann le hOrduithe Cosanta Leanaí
- m Cásanna a bhaineann le feidhmiú an Achta Cúraim Leanaí

Tá freagracht ghairmiúil shoiléir ar mhúinteoirí feidhmiú de shíor ar mhaithe lena gcuid daltaí fiú má bhíonn strus agus inní ag baint le dul chun na cúirte. Ba cheart go dtuigfidís nach bhfuil call dóibh freastal ar an gcúirt ach amháin sa chás go bhfaigheann siad barántas nó subpoena. Níl cosc ar mhúinteoir áfach maidir leis an méid thuas freastal ar an gcúirt go deonach chun fianaise a thabhairt. Is ceist breithe gairmiúla é sin do mhúinteoir agus b'fhéidir gur mhaith leis an múinteoir labhairt leis an bPríomhoide, le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agus/nó le Cumann Múinteoirí Éireann faoin scéal.

Moltar go ginearálta áfach go n-éileodh múinteoirí go bhfaighidís barántas nó subpoena má chaitheann siad a bheith sa chúirt mar ar an gcéad dul síos bíonn an Roinn Oideachais ag iarraidh cóip den subpoena nó den bharántas in éineacht leis an bhfoirm phá chun saoire le híocaíocht a thabhairt. Ba cheart go mbeadh cibé duine a eisíonn an subpoena nó an barántas freagrach as clúdach ionadaíoch a íoc agus ba cheart go mbeadh sé sin mar choinníoll le freastal ar an gCúirt.

Tugann an freastal ar an gCúirt freisin faoi subpoena nó faoi bharántas cosaint don mhúinteoir mar go léiríonn sé do gach taobh nach bhfuil an múinteoir ag tabhairt eolais dá d(h)eoin féin agus nach mbeadh uaidh/uaithi aon bhaint a bheith aige/aici leis an gcás áirithe sin de ghnáth. I gcás go ngairtear múinteoir chun na Cúirte molann Cumann Múinteoirí Éireann go leanfaí na treoirlínte seo a leanas.

Beidh an múinteoir i láthair ina c(h)umas gairmiúil mar mhúinteoir agus níor cheart go ginearálta go mbeifí ag súil go labhródh sé/sí ach ar an suíomh foghlama/teagasc, mar shampla ó thaobh fhreastal an linbh agus dul chun cinn agus ábhair eile a bhaineann leis an scoil. Ba cheart do mhúinteoirí cuimhneamh nach siceolaithe ná oibrithe sóisialta iad agus go mbaineann a saineolas gairmiúil le teagasc/foghlaim.

Ba cheart go ndéarfadh múinteoirí a bhfuiltear ag iarraidh orthu freastal ar an gCúirt mar dhaoine gairmiúla go bhfuil siad ag súil le táille ghairmiúil chúí agus lánchlúdach ionadaíoch.

B'fhéidir gur mhaith leis an múinteoir na ceisteanna sin a phlé roimh ré leis an bPríomhoide nó le cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta.

Tá sé d'oibleagáid ar gach finné an fhírinne a insint agus iad faoi mhionn. Múinteoir a nglaoitear air/uirthi faoi bharántas nó subpoena mar fhinné ní bhaineann sé/sí go díreach le ceachtar den dá thaobh ach amháin ina c(h)umas mar fhinné saineolais agus níor cheart go dteastódh ionadaíocht dlí uaidh/uaithi mar sin.

Is é polasaí Chumann Múinteoirí Éireann gan ionadaíocht dlí a sholáthar i ndáil le múinteoirí a bhíonn ag freastal ar an gCúirt mar fhinnéithe.

I gcás go nglaoonn páirtí atá ionadaíoch don scoil ar mhúinteoirí i.e. an comhlacht árachais faoi thimpist sa scoil moltar do mhúinteoirí comhoibriú go hiomlán leis an bpáirtí sin.

I gcás go lorgaíonn Aturnaetha /Oibrithe Sóisialta nó siceolaithe eolas ó bhéal nó i scríbhinn faoi dhul chun cinn an linbh ar mhúinteoirí roimh chás Cúirte ba cheart go lorgóidís cead i scríbhinn ón dá thuismitheoir má bhíonn dhá thuismitheoir ann. Ba cheart go mbeadh fhios ag an



bPríomhoide faoin iarratas sin freisin.

## **COMHAIRLE FAOI CHUNTAIS A CHOINNEÁIL**

Tá sé tábhachtach go mbeadh fhios ag múinteoirí faoi na nósanna imeachta atá leagtha síos i rialacha agus i mbunreactha Bhoird Bhainistíochta faoi airgeadas scoile. Forálann na rialacha go gcoinneoidh Cisteoir an Bhoird Bainistíochta cuntais scoile agus go dtaiscfear gach airgead a gheofar i gcuntas bainc na scoile agus go ndéanfar gach íocaíocht le seic agus é sínithe ag an gCathaoirleach agus ag an gCisteoir nó ag comhaltaí eile a bheidh ainmnithe ag an mBord Bainistíochta chuige sin. Sa chás go mbeidh cuntas múinteoirí nó tuismitheoirí ar leithligh ann tá sé tábhachtach go mbeadh dhá shíniú le gach seic agus gach astarraingt .

Molann Cumann Múinteoirí Éireann, is cuma an mbíonn múinteoirí ag déileáil le hairgeadas scoile, anois agus arís nó go rialta, go gcoinneofaí mionchuntais agus admhálacha do gach lóisteáil agus do gach caiteachas.

## **CAIDREAMH LE BOIRD BHAINISTÍOCHTA**

Tá sé tábhachtach ar mhaithe le timpeallacht oibre tháirgiúil fholláin a chruthú go mbeadh deachaidreamh oibre idir múinteoirí agus idir na múinteoirí agus an Bord Bainistíochta. Ba cheart go mbeadh atmaisféar omóis dá chéile idir múinteoirí agus an Bord Bainistíochta, le go bhféadfaidh ar lámh amháin muinín a bheith ag na múinteoirí as nósanna imeachta agus polasaithe an Bhoird Bainistíochta agus ar an lámh eile le go bhféadfaidh muinín a bheith ag an mBord Bainistíochta as an bhfoireann. Má tharlaíonn mí-thuiscint idir múinteoirí nó idir múinteoir agus an príomhoide nó an Bord Bainistíochta ba cheart déileáil leis chomh fada agus is féidir ar mhodh neamhfhoirmiúil. Féadfaidh múinteoir tarraingt ar nósanna imeachta foirmiúla, mar nós imeachta gearán Chumann Múinteoirí Éireann/CPSMA nuair nach féidir nithe a réiteach go neamhfhoirmiúil.

## **RÚNDACHT EOLAIS**

Níor cheart go mbeifí ag caint faoi leanaí os comhair daoine nach daoine gairmiúla iad i seomra na foirne.

Má thugtar eolas do mhúinteoir faoi shláinte/cúlra baile linbh ba cheart dó/di a fháil amach ó na tuismitheoirí an eolas faoi rún é sin.

Is eolas príobhléideach é eolas faoi leanaí.

## **JOBANNA/TASCANNA A IARRTAR AR LEANAÍ A DHÉANAMH AR SCOIL**

Má iarrtar ar leanaí tascanna éagsúla a dhéanamh ar scoil ba cheart a bheith cúramach gur ar bhonn róta agus ar bhonn deonach a dhéantar é lena chinntiú nach mbrandáiltear leanaí a bhíonn ag déanamh tascanna sclábhaíochta.

Ma iarrtar ar leanaí an seomra ranga/clós a ghlanadh, nó a réiteach ba cheart go dtabharfaí an chosaint riachtanach dóibh mar láimhíní indiúscartha.

Tá sé tábhachtach go spreagfaí leanaí chun a bheith freagrach agus go bhfaighidís tascanna le déanamh ar scoil le cuidiú leo a bheith níos neamhspleáiche agus níos freagraí. Agus tascanna á dtabhairt amach do leanaí tá sé tábhachtach áfach go dtuigfeadh múinteoirí nár cheart níos mó de sheans a thógáil ná a thógfadh tuimitheoirí an pháiste féin agus iad ag tabhairt an taisc sin don pháiste. Ba cheart gur sábháilteacht ba mhó a bheadh i gcónaí in intinn an mhúinteora. Seo a leanas liosta tascanna nár cheart riamh iarraidh ar leanaí iad a dhéanamh. Mar shampla dá ngortódh leanbh é/í féin nó dá gcuirfeadh sé/sí é/í féin i gcontúirt agus é/í ag déanamh aon cheann de na tascanna seo a leanas d'fhéadfaí cúis dlí a thabhairt in aghaidh an mhúinteora a bheadh i gceist.

1. Ag glanadh suas i ndiaidh linbh a bheadh tar éis a bheith tinn sa scoil.
2. Ag plugáil isteach an túláin nó trealamh leictreach eile.
3. Ag dul chuig an siopa i dteachtaireacht.
4. Ag fanacht siar tar éis na scoile chun glanadh suas a dhéanamh d'uireasa chead na dtuimitheoirí
5. Ag glanadh suas i ndiaidh linbh a d'fhliuch nó a shalraig é/í féin
6. Ag iompar deochanna te.
7. A bheith curtha i dteachtaireacht astu féin. Ba cheart beirt leanaí a chur i dteachtaireacht i gcónaí.
8. Ag iompar trealamh trom.
9. Ag riar céadchabhrach.
10. Ag iarraidh orthu piolla a chaitheamh le haghaidh tinnis cinn etc. nó piollaí a iompar ó mhúinteoir amháin go dtí múinteoir eile.
11. A iarraidh ar dhaltáí tae a dhéanamh.
12. Nótaí le heolas discréideach a iompar.
13. Airgead a bhailiú astu féin do mhúinteoirí/bailiú airgid gan mhairseacht ó mhúinteoirí /dhaltáí eile.
14. Nó gníomhaíochtaí eile den sórt sin a chuireann páistí i gcontúirt.

### **CÉADCHABHAIR**

Ba cheart don Bhord Bainistíochta agus leanbh á chur ar an rolla acu cead i litir a iarraidh ar thuimitheoirí a bpáiste a thabhairt chun an ospidéal/

chun an dochtúra ar chomhairle an mhúinteora /an phríomhoide.  
Ba cheart go gcoinneofaí an litir sin go buan ar chomhad le linn na tréimhse a mbeidh an leanbh sa scoil.

Ba cheart gur duine fásta freagrach a thabharfadh faoi chóireáil a dhéanamh ar ghortuithe.

Má bhíonn sé riachtanach leanbh a thabhairt chun an dochtúra nó chun an ospidéal ba cheart gach iarracht a dhéanamh teagmháil a dhéanamh ar dtús le tuismitheoir nó le caomhnóir.

Moltar go mbeadh taifead coinnithe d'uimhreacha teifeafóin trínar féidir teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí ag an obair agus sa bhaile. I gcás éigeandála ba cheart do mhúinteoir brath ar a b(h)reithiúnas féin sa chás faoi leith sin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir an dlí a chur ar dhuine má mhainníonn sé/sí cóireáil a dhéanamh ar ghortú. Ar mhaithe le múinteoirí agus leanaí a bheith sábháilte ba cheart a bheith chomh cúramach céanna agus céadchabhair á riar chun teagmháil le galair/tinnis thógálacha a sheachaint. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i gcás dóirteadh fola nó teagmháil le leacht colainne i.e. múisc. Ba cheart don Bhord Bainistíochta socrú ar threoirínte a leanfaí agus céadchabhair a chur i bhfeidhm sa scoil ar nós na dtreoirínte atá leagtha síos i dTreoirínte/Cairt Céadchabhrach na Roinne atá ar fáil saor in aisce ón Aonad Chur chun Cinn Sláinte, Teach Háicín, Baile Átha Cliath. 2

## **CAILÍNÍ AGUS MÍOSTRUÍ**

Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh múinteoirí agus tuismitheoirí go bhfuil cailíní anois ag sroicheadh caitheachais níos luaithe agus go dtosaíonn go leor cailíní anois ag míostrú sa cheathrú rang. Tá sé fiorthábhachtach go mbraithfeadh na daltaí mná go bhfuil múinteoir sa scoil lena bhféadfaidh siad labhairt, agus lena bhféadfaidh siad a gcuid inní agus ábhar buartha a phlé. Ba cheart don Bhord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil córas sách maith ar fáil le haghaidh táirgí sláintíochta a dhiúscairt agus go bhfuil soláthar táirgí sláintíochta a bhfuil teacht go héasca gan náire ag cailíní air sa scoil freisin. Ba cheart don scoil a chinntiú freisin go mbeadh neart eolais ag na cailíní faoi mhíostrú óna dtuismitheoirí agus/nó laistigh de chomhthéacs na scoile. Seachnaíonn sé sin crá croí agus buairt nach bhfuil gá ar bith leis mar nach mbíonn go leor tuismitheoirí ag ceapadh go bhforbróidh a gcuid páistí chomh sciobtha agus a dhéanann.

## **SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT**

Tá oibleagáid de réir an dlí ar an mBord Bainistíochta ráiteas sábháilteachta a bheith aige dá scoil arb é a pholasaí é a chuid fostaithe agus iad sin a bhíonn ag úsáid na scoile a chosaint. Tá sé d'oibleagáid orthu a chinntiú go

bhfuil an scoil ag comhlíonadh caighdeán sláinte agus sábháilteachta chearta. Tá sampla de ráitis sábháilteachta ar fáil ó Ardoifig Chumann Múinteoirí Éireann. Tá breis eolais oiriúnach ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, 10 Plás Uí Ógáin, Sr. na Mór-Chanála Íocht, Baile Átha Cliath 2 .

## **SLÁINTEACHAS**

Ba cheart don Bhord Bainistíochta a chinntiú go bhfuil caighdeán inghlactha ag baint le sláinteachas na scoile tríd is tríd agus má tharraingítear aird ar é a bheith faoi chaighdeán nach bhfuil inghlactha ba cheart don Bhord an scéal a chur ina cheart láithreach. Ba cheart gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn múinteoirí agus leanaí ag obair i dtimpeallacht atá glan agus compordach.

Ba cheart go mbeadh leithris ghlana, uisce te agus gallúnach, fáil ar thuáillí glana, láimhíní indiúscartha, aonaid diúscartha sláintíochta agus deiseanna céadchabhrach (líonta mar a deir Treoirlínte na Roinne Oideachais) ar fáil, ar an gcaighdeán atá leagtha síos, i ngach scoil.

Mura mbeidh corpoideachas ar an rang deiridh sa lá ba cheart do scoileanna, más féidir agus más praiticiúil agus más gá, deis a thabhairt do na leanaí athrú as éadaí nach bhfuil glan.

Táthar ag súil le caighdeán ard sláinteachais ó na múinteoirí agus ó na daltaí agus ba cheart don fhoireann sin a chur chun cinn. Ba cheart go mbeadh cleachtais chéadchabhrach agus sláinteachais i bhfeidhm nár ghá eolas agus iad sin i bhfeidhm ar chásanna sonracha ionfhabhtaithe mar HIV seachas na cinn a mholfadh dochtúir leanbh a choinneáil ón scoil mar gheall orthu. Tá sé sin leagtha amach níos mine sna treoirlínte do rialú ionfhabhtuithe a eisíodh chuig scoileanna i 1995. Tá tuilleadh cóipeanna ar fáil ó Oifig Oideachais Sláinte, Teach Háicín, Baile Átha Cliath 2 ach iad a iarraidh.

## **CÓGAIS A RIAR I SCOILEANNA <sup>(1)</sup>**

### **RÉAMHRÁ**

Tá níos mó agus níos mó inní le gairid faoin mbaint ba cheart a bheith ag múinteoirí le riar chineálacha éagsúla cógais ar dhaltaí. Siúd is go ngníomhaíonn múinteoirí i scoileanna "in loco parentis" níl aon oibleagáid ar mhúinteoirí cógais a riar go rialta ar leanaí nó maoirseacht a dhéanamh ar leanaí nuair a bhíonn siad ag caitheamh cógas. Níor cheart go mbeadh fadhb ann áfach má bhíonn múinteoirí sásta, agus cead acu ón mBord Bainistíochta agus cead i scríbhinn ó thuismitheoirí acu agus oiliúint orthu. Déanann múinteoirí a ndícheall go ginearálta chun freastal a dhéanamh ar

1. Ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis an National Union of Teachers (N.U.T.) as a gcuid treoirlínte a chur ar fáil dúinn ar "The Administration of Medicines in School", ba mhór an cúnamh iad dúinn agus muid ag réiteach ár dtreoirlínte féin faoin ábhar.

leanbh a bhíonn tinn ach ní dhéanfadh siad sa deireadh thiar sin dá gcuirfeadh sé sin isteach ar bhealach ar bith ar leas agus ar shábháilteacht aon linbh a bhíonn faoina gcúram. Tá sé tábhachtach mar sin go mbeadh na réimsí freagrachta soiléir. Is é aidhm na comhairle seo treoir shoiléir a thabhairt do chomhaltáí faoi shuíomhanna nach mbeadh sé oiriúnach dóibhsean cógais a riar ar dhaltaí agus chun teorainneacha aon "cheanglas" a chuirfí ar mhúinteoirí a léiriú.

Bíonn múinteoirí sásta i gcónaí ar ndóigh cabhair a thabhairt nuair a tharlaíonn timpist nó éigeandáil mar shampla nuair a tharlaíonn timpist thromchúiseach do leanbh agus caitear teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí agus glaoch ar otharcharr. Níl an chomhairle seo ag iarraidh freagrachtaí fhoireann scoile a shoiléiriú i dtoscaí den sórt sin ach moltar go mbeadh na nósanna imeachta chun déileáil le suíomhanna éigeandála den sórt sin soiléir agus curtha in iúl don fhoireann agus do thuismitheoirí.

## **DUALGAS GAIRMIÚIL MÚINTEOIRÍ**

Tá sé de dhualgas gairmiúil ar mhúinteoirí sláinte agus sábháilteacht daltaí a chosaint nuair a bhíonn údarú ann iad a bheith ar áitreabh na scoile agus nuair a bhíonn siad ag gabháil do ghníomhaíochtaí scoile údaraithe in áit éigin eile. Ní chiallaíonn sé sin go bhfuil dualgas ar mhúinteoirí go pearsanta riar cógas a ghlacadh orthu féin. Go deimhin tá sé tábhachtach nach nglacann múinteoirí freagracht as riar aon cógais a dhéanfadh dochar do shláinte linbh dá ndéanfaí é a riar mícheart.

## **LEANAÍ LE FADHBANNA SLÁINTE FADTÉARMACHA**

Aithnítear gur maith an ní é leanaí le fadhbanna sláinte athfhillteacha mar phlúchadh, thiteamas, diaibéiteas agus anaifilaicis a bheith sa scoil le go bhféadfaidh siad leanúint dá gcuid oideachais. Má dhéantar sin áfach caithfear socruithe cearta a thuigtear go soiléir a bheith déanta faoi riar cógas. Ba cheart tuismitheoirí a spreagadh le go dtabharfaidís an tacaíocht agus an cúnamh is mó is féidir leo don scoil chun freastal ar an dalta. I gceist leis sin bheidh féinriar (nuair is gá agus ní gan cead ó dhochtúir teaghlaigh ar dtús) nó faoi shúil tuismitheora.

## **MÚINTEOIRÍ AGUS RIAR CÓGAS I SCOILEANNA**

- 1 Ní féidir a éileamh ar aon mhúinteoir go ndéanfaidís cógais nó drugaí a riar ar dhalta.
2. Níor cheart d'aon mhúinteoir a bheith sásta cógas a riar ach amháin faoi threoirlínte atá rialaithe go dian agus caithfidh sé/sí a bheith cinnte go bhfuil an riar sin sábháilte. Is maith an rud é gan a bheith sásta an riar sin a dhéanamh ach amháin i suíomhanna éigeandála. Múinteoir a ghlacann freagracht air/uirthe féin cógais a riar tá sé/sí ag glacadh

dualgas dlí trom air/uirthi féin an fhreagracht a chomhlíonadh ceart. Ní mór gach réamhchúram réasúnach a ghlacadh. Ní mór treoracha soiléire faoi chógais a chaitear a riar go rialta a fháil agus a leanacht go dlúth. Is é comhairle Chumann Múinteoirí Éireann:-

- (A) gur cheart do thuismitheoirí an dalta atá i gceist scríobh chuig an mBord Bainistíochta ag iarraidh ar an mBord comhalta den fhoireann teagaisc a údarú chun an cógas a riar.
- (B) gur cheart go mbeadh treoracha scríofa faoin nós imeachta atá le leanúint agus an cógas le riar san iarratas.
- (C) féadfaidh an Bord Bainistíochta tar éis dóibh an scéal a bhreathnú múinteoir a údarú chun cógas a riar ar dhalta. Má údaraítear múinteoir amhlaidh ba cheart go dtabharfadh an Bord Bainistíochta treoracha cearta don mhúinteoir.
- (D) níor cheart do mhúinteoir cógas a riar gan údarú sonrath an Bhoird.
- (E) agus iad ag riar cógais ar dhaltaí ba cheart do mhúinteoirí an oiread céanna cúraim a dhéanamh agus a dhéanfadh thuismitheoir réasúnach críonna.
- (F) ba cheart don Bhord Bainistíochta eolas dá réir a chur in iúl do lucht árachais na scoile.
- (G) ba cheart don Bhord Bainistíochta slánaíocht a lorg ó na thuismitheoirí i dtaobh aon dhliteanais a d'fhéadfadh tarlú de bharr riar an chógais.

Ba cheart don Bhord Bainistíochta socruithe a dhéanamh chun an cógas a stóráil go sábháilte agus do nósanna imeachta do riar an chógais i gcás go mbeadh an múinteoir údaraithe as láthair. Is ar na thuismitheoirí atá an fhreagracht seiceáil gach maidin an bhfuil an múinteoir údaraithe sa scoil, sin mura mbeidh a mhalairt de shocrú déanta go háitiúil.

3. I gcásanna éigeandála níor cheart do mhúinteoirí níos mó ná an méid is léir is gá agus is oiriúnach chun fulaingt a chosc nó chun tuilleadh dochair nach bhféadfaí a leigheas a chosc a dhéanamh. Ba cheart cóireáil leighis cháilithe a fháil i gcás éigeandála chomh luath agus is féidir.

Nuair is féidir sin ba cheart do scoileanna a éileamh go socródh lucht leighis amanna do chógais sa chaoi nach mbeidís ag teacht salach ar am scoile.

Tá sé tábhachtach go n-iarrfadh Boird Bhainistíochta ar thuismitheoirí a chinntiú go gcuirfí in iúl do mhúinteoirí i scríbhinn faoi aon bhail mhíochaine atá ag gabháil d' aon leanbh ina gcuid ranganna. Leanáí a bhfuil titeamas nó diaibíteas nó siondróm turrainge anaifilaicis ag gabháil dóibh d'fhéadfaidís taom a fháil uair ar bith agus tá sé fiorthábhachtach mar sin go n-aithneofaí na comharthaí sóirt le go bhféadfadh duine oiriúnach a theacht i gcabhair ar an dalta más gá.

I gcás go mbeidh cógais tugtha do mhúinteoirí le riar i gcás éigeandála e.g. aidréanailín i gcás anaifilaicis ba cheart gurb é an dáileog is lú a chinntíonn teacht slán go dtí go dtiocfaidh saineolaí leighis ar an láthair a bheadh i gceist. Níor cheart go mbeadh dáileog éigeandála tráth ar bith sa chaoi go ndéanfadh sé dochar don leanbh má riaratar mícheart é. Ba cheart dearbhú faoi sin a fháil i scríbhinn ón gcleachtóir leighis atá freagrach as an leanbh sula a n-aontódh scoil go mbeadh cógas sábhála beatha den sórt sin faoina cúram. Níor cheart más féidir sin snáthaidí d'instealladh a choinneáil ar an láthair agus ba cheart instealltaí de chineál eipipín a úsáid.

I gcás go mbíonn leanáí ag fulaingt ó dhonais a chuirfeadh a mbeatha i mbaol mar na cinn thuas ba cheart do thuismitheoirí a leagan amach go soiléir i scríbhinn cad is féidir agus nach féidir a dhéanamh i suíomh éigeandála faoi leith ag féachaint go sonrath do na nithe a chuirfeadh an leanbh i mbaol.

## **SOCRUITHE SA SCOIL**

Nuair is féidir sin ba cheart a iarraidh ar thuismitheoirí socrúithe a dhéanamh chun a theacht isteach chun na scoile nó do na daltaí dul abhaile am lóin le haghaidh cógais. Ba cheart go dtabharfadh an Bord Bainistíochta gach uile chúnaimh chun na socrúithe sin a dhéanamh. I gcás nach féidir sin ba cheart go gcuirfí na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm:-

- (A) Sonraí i scríbhinn ón thuismitheoir chuig an mBord Bainistíochta ag tabhairt ainm an linbh, ainm agus dáileog an chógais; an mbeidh an leanbh freagrach as a c(h)ógas féin; na toscaí inar cheart don mhúinteoir an cógas a riar agus an cead sin a dhéanamh; cathain ar cheart fógra a thabhairt do thuismitheoir agus an áit ar féidir teacht air nó uirthi.
- (B) Comhairle i scríbhinn chuig an mBord Bainistíochta faoi stóráil an chógais, ar a n-áirítear na ceanglais chógaslainne (m.sh. cuisneoireachta más gá) agus bealach lena chinntiú go mbeidh an leanbh in ann teacht air.
- (C) Má bhíonn cead tugtha ag an mBord Bainistíochta chun cógas a riar

ba cheart gurb é an dáileog is lú a dhéanfadh cúis a thabharfaí chun na scoile, ag an tuismitheoir más féidir le treoracha soiléire i scríbhinn lena riar agus ainm an dalta. Ní fheileann gabhdáin ghloine do dhaltaí le hiompar.

(Nóta: Níl sé praiticiúil dáileog amháin tomhaiste de chógas leachta a thabhairt isteach; téann an leacht i bhfastó den ghabhdán agus ní bhíonn dóthain sa dáileog ansin).

- (D) Níor cheart go gcoinneodh an dalta an cógas, ba cheart é a chur faoi ghlas i gcófra as lámha páistí. Ba cheart áfach go mbeadh sé éasca teacht ar chógas ar nós análaitheoirí do ghasúir a bhfuil plúchadh orthu tráth ar bith i rith an laescoile. Is ar chomhairle bhreithiúnas ghairmiúil an mhúinteora atá sé cén bealach a ndéanfaí sin.
- (E) Ba cheart go mbeadh an cógas féinriartha más féidir faoi mhaoirseacht duine fásta. D'fhéadfadh sé gurb é an príomhoide a bheadh i gceist nó duine ag feidhmiú le húdarás an phríomhoide. Ba mhaith an chomhairle taifead scríofa a choimeád faoi dháta agus am an riartha.

Ba cheart go mbeadh eolas ag múinteoirí faoi Threoirlínte Rialaithe Ionfhabhtaithe agus ba cheart do scoileanna fógra a thabhairt do thuismitheoirí nuair a bhíonn galair ionfhabhtaithe sa scoil mar d'fhéadfadh leanaí le heasnamh imdhíonachta bás a fháil de bharr a theacht i dteagmháil le hionfhabhtuithe den sórt sin.



# IARSCRÍBHINN 1

## AN ROINN OIDEACHAIS

### NÓS IMEACHTA CHUN DÉILEÁIL LE LIOMHAINNÍ NÓ LE HAMHRAS FAOI MHÍ-ÚSÁID PHÁISTÍ

#### 1. Réamhrá

Is mian leis an Aire tagairt do chásanna liomhnaithe mhí-úsáid pháistí agus don nós imeachta is inleanta ag údaráis scoileanna náisiúnta áit a bhfuil liomhainn nó amhras gur tharla a leithéid de mhí-úsáid.

- Dréachtadh na treoirlínte sa doiciméad seo tar éis plé idir an Roinn Oideachais agus na heagrais ionadaíocha do bhainistíocht scoileanna, do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí. Tá nós imeachta sa doiciméad a bhfuil sé d'aidhm leis cuidiú le húdaráis bhainistíochta scoileanna agus le hoidí agus iad ag déileáil lena nochtann páistí dóibh faoin ábhar seo. Tá na céimeanna atá le leanacht ag déileáil leis na gnóthaí seo leagtha amach go mion sa doiciméad seo.

Is mian leis an Aire a thathaint ar údaráis scoileanna agus ar oidí cloí leis na treoirlínte agus iad ag déileáil le liomhaintí nó amhras faoi mhí-úsáid pháistí. Ní treoirlínte statúideacha iad seo dar ndóigh, agus sa chás go rachadh an scéal chun cúirte thabharfaí breith ar gach cás de bhun tuillteanais.

#### 3. Conas Comharthaí Mí-Úsaide Pháistí a Aithint

Tá cóipeanna den Seicliosta a sholáthraíonn an Roinn Sláinte mar chabhair in aithint agus i bhfiosrú mhí-úsáid pháistí, idir fhísiciúil agus ghnéasach, comhiata. Is den tábhacht é go léifí iad seo i gcomhar leis an doiciméad “Treoirlínte um Mhí-úsáid Pháistí” leis an Roinn Sláinte. Níor cheart go gceapfaí aon chomhartha amháin a bheith cinntitheach ann féin ach is cóir breathnú air i gcomhthéacs cnuasach fachtóirí agus ag cur coinníollacha an teaghlaigh/nó an cháis áirithe sin san áireamh.

#### 4. Nós Imeachta Tuairisceoireachta

- (A) Má fhaigheann oide liomhainn nó má bhíonn amhras air/uirthi go bhfuil mí-úsáid á himirt ar pháiste, ba cheart don oide, ar an gcéad dul síos, tuairisc a thabhairt ar an ábhar d'oide eile, an príomhoide de ghnáth.

Nota:- D'fhéadfaí na treoirlínte seo a athrú de réir thorthaí na Meithle Oibre ar Mhí-Úsáid Leanai.

(B) Má bhíonn na hoidí sásta go bhfuil bonn réasúnta leis an amhras nó leis an liomhain ba chóir dóibh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta a chur ar an eolas. Mura mbíonn teacht ar an gCathaoirleach ag an am ba chóir dóibh déanamh mar a mholtar ag (c) agus an Cathaoirleach a chur ar an eolas níos déanaí.

(C) Ba cheart do Chathaoirleach an Bhoird agus don oide le chéile an gnó a chur faoi bhráid Stiúrthóir an Chúraim Phobail/Oifigeach Leighis Sláinte (SCP/OLS) san áit. Tá seoltaí agus uimhreacha gutháin na n-oifigeach réigiúnach éagsúil comhiata chun na críche seo. Is den riachtanas é go gcoinneofaí an gnó faoi rún go daingean agus nach bpléifí í ach amháin i measc na bpáirtithe atá luaite thuas (féach alt 7).

**N.B.** Níl sé d'fhreagracht ar fhoireann scoile fiosruithe a dhéanamh ar thuismitheoirí ná ar chaomhnóirí agus i gcásanna áirithe ní thioctadh ach aimhleas mar thoradh ar a leithéid a dhéanamh. Is gnó don SCP/OLS féachaint isteach i gcásanna ina bhfuil amhras faoi mhí-úsáid agus cinneadh ar ghníomh ina leith ar a n-áirítear teagmháil a dhéanamh le thuismitheoirí agus/nó le Gardaí.

4.2 Má fhaigheann oide liomhain nó má tá amhras air/uirthi go bhfuil páiste ag fulaingt mí-úsáide ó dhalta de chuid na scoile ba cheart déanamh de réir na dtreoirínte thuas.

Má táthar in amhras go bhfuil mí-úsáid fhisiciúil á himirt ag dalta ba cheart déileáil leis an ngnó faoi théarmaí Rialacha 121 agus 130 do Scoileanna Náisiúnta i dtús báire.

4.3.1 Má fhaigheann oide liomhain nó má tá amhras air/uirthi go bhfuil fostaí de chuid na scoile ag imirt mí-úsáide ar dhalta ba chóir dó/di tuairisc ar an ábhar a thabhairt d'oide eile - an príomhoide de ghnáth - agus do Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.

4.3.2 Ba chóir don Chathaoirleach scéala a thabhairt don fhostaí faoin liomhain nó faoin amhras a cuireadh in iúl. Má fheictear don Chathaoirleach go bhfuil bonn réasúnta leis an amhras nó leis an liomhain ba chóir dó/di deis a thabhairt don fhostaí freagra a thabhairt agus tuairisc ar an ábhar a thabhairt don SCP/OLS agus freagra an fhostaí a bheith mar chuid di más é sin mian an fhostaí.

4.4 Má fhaigheann an t-oide liomhain eile nó má bhíonn amhras air/uirthi go bhfuil mí-úsáid á himirt fós ar pháiste tar éis déileáil leis an gcéad liomhain ba chóir tuilleadh teagmhála a dhéanamh le hoifig

an SCP/OLS de réir an nós imeachta atá leagtha amach ag 4.1(c) thuas.

#### 5. Faisnéis a Bheidh ag Teastáil ón SCP/OLS

Sa chás go mbíonn amhras faoi mhí-úsáid pháistí beidh sé ríthábhachtach go mbeidh taifead de gach faisnéis ar fáil. Ba chóir d'fhoireann scoile nóta cúramach a choiméad ar a mbíonn tugtha faoi deara acu agus cathain a thug siad faoi deara é. Ba chóir mionchur síos a dhéanamh ar chomharthaí dochair choirp nó líníocht a dhéanamh díobh. Ba cheart nóta a dhéanamh d'aon chuntas mínithe a thugann an páiste atá i gceist, nó duine fásta ab fhéidir gur imir sé mí-úsáid ar an bpáiste, faoin gcaoi ar tharla an dochar. Ba chóir é a dhéanamh chomh luath agus is féidir tar éis go dtugtar an cuntas agus b'fhearr na focail áirithe a úsáideadh a nótaíl. Tharlódh go n-iarrfadh an SCP/OLS ar oide freastal ar chomhdháil chásbhreithnithe níos déanaí.

#### 6. An Chaoi Le Déileáil Lena Nochtann Páistí

Is intuigthe go mbeadh páiste ar imríodh mí-úsáid air/uirthi faoi mhórstrus mothúcháin agus tharlódh gur ball foirne an t-aon duine fásta ina gcuirfeadh sé/sí iontaoibh. Nuair a chuirfear faisnéis ar fáil faoi rún beidh gá le fios labhartha agus mothálacht ag an mball foirne ag freagairt don eolas a scaoiltear. Beidh ar an mball foirne an leanbh ar chur ar a s(h)uaimhneas agus a (h)iontaoibh a choinneáil agus é/í ag míniú don pháiste a thábhachtaí atá sé gníomhú sa chás agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ar an ngníomh, go gcaithfí daoine fásta eile a thabhairt isteach sa scéal. Is den tábhacht é a insint don pháiste go ndéanfar gach ní is féidir chun fortacht agus tacaíocht a thabhairt dó/di, ach gan geallúintí do chomhlíonta a thabhairt e.g. ag geallúint gan an scéal a insint d'éinne eile.

#### 7. Rúndacht

Is den fhíor-riachtanas é rúndacht a choinneáil agus aon chás líomhnaithe de mhí-úsáid pháiste á phlé. Is do dhaoine a bhfuil dualgas orthu an t-eolas a fháil agus dóibh sin amháin is ceart eolas a thabhairt agus ní ceart treaspháirtithe bheith inpháirteach i líomhaintí murar den riachtanas iad a thabhairt isteach sa scéal de réir mar a leanann an cás ar aghaidh.

#### 8. An Staid ó Thaobh an Dlí

- (A) Sa chás go ndéanfaidh Cathaoirleach Boird Bhainistíochta nó oide gearán nó faisnéis a sholáthar i dtaca le hamhras mí-úsáid

pháistí bheith ar siúl leis na húdaráis chuí, bheadh an tuairisc sin faoi phribhléid. An té a thabharfadh an tuairisc sin, ag gníomhú dó/di in loco parentis, bheifí ag súil gur chun leasa an pháiste sín a bheadh sé/sí ag gníomhú agus tá comhairle faighte ag an Aire go mbreathnófaí mar sin ar aon tuairisc maidir le hamhras faoi mí-úsáid pháistí. Ní féidir an phribhléid a chur i leataobh ach sa chás gur féidir a bhunú gur ghníomhaigh an gearánaí go mailiseach.

- (B) Daoine a dhéanann tuairisc ar a nochtann páiste ní áirítear iad a bheith ag déanamh líomhaine mar chúisiú, ach ag comhlíonadh a ndualgais le hintinn mhaith. Ní ag cur rud i leith duine ná á c(h)úisiú atá siad ach amháin ag cur tuairisce ar aghaidh.
  - (C) Ní dócha go n-éileofaí ar dhaoine a sholáthraíonn tuairisc maidir le amhras faoi mí-úsáid pháistí de réir na dtreoirlínte seo freastal ar chúirt sa chás go ndéanfaí daoine a chúisiú. (Sa chás go ndéantar subpoena ar oide freastal ar an gCúirt áfach, ceadaítear dó/di bheith as láthair ón scoil ar tuarastal chomh fada agus is riachtanach. Más gá ionadaí a fhostú caithfidh an scoil an costas a sheasamh agus féadtar aisíoc a éileamh ón Roinn Dlí agus Cirt níos déanaí).
  - (D) Nuair a ghníomhaíonn Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faoi fhorálacha alt 4.3.2 de na treoirlínte seo ní den riachtanas é rabhadh a thabhairt don duine ná finné a chur ar fáil mar níl cúisiú á dhéanamh ag an bpointe sin; níl an Cathaoirleach ach ag cur an duine ar an eolas agus ag cur na tuairisce faoi bhráid an údaráis chuí, a dhéanfaidh an cás a iniúchadh agus a chinnfidh an cóir é a chur in iúl do na Gardaí.
9. Tugtar faoi deara ámh, má tá fianaise dhoshéanta go bhfuil duine tar éis mí-úsáid a imirt ar pháiste go gcaithfear an gnó a chur faoi bhráid na nGardaí láithreach.
10. Is iad na trí phrionsabal bhunúsacha atá mar bhonn ag na Treoirlínte ná go gcoinneofaí an rúndacht, an discríd agus an mhothálacht i gcónaí.
11. Tá cóip den phaimfléad “Child Abuse Checklist”, agus den leabhrán “Child Abuse Guidelines”, ar chuir an Roinn Sláinte iad araon amach, comhiata leis an doichiméad aontaithe seo.

Is mian le Cumann Múinteoirí Éireann buíochas a ghlacadh as urraíocht fhlaitiúil na Roinne Oideachais, as leagan Gaeilge na cáipéise seo a fhoilsiú.